

Do Cheart chun Príobháideachta

Tá lánurraim ag na Coimisinéirí Ioncaim ar do cheart chun príobháideachta maidir le d'idirghníomhaíochtaí leis an suíomh gréasáin seo. Déileálfar le haon fhaisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil de réir na gcaighdeán slándálachta agus rúndachta is airde agus i gcomhréir dhlúth le reachtaíocht náisiúnta um Chosaint Sonraí agus treoracha AE infheidhme.

Ráiteas Ginearálta

Ní bhaileoidh na Coimisinéirí Ioncaim aon faisnéis phearsanta fút ar an suíomh gréasáin seo ach amháin le haghaidh cúrsaí cánacha, ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh agus feidhmeanna áirithe reachtúla eile, mar a shannaíonn an tOireachtas. Déileálfar le haon fhaisnéis phearsanta faoi rún a dheonaíonn tú do na Coimisinéirí Ioncaim agus coinneofar go daingean í.

Faisnéis Phearsanta a Bhailiú agus a Úsáid

Ní bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim aon faisnéis phearsanta ar an suíomh gréasáin seo, muna sholáthraíonn tú a leithéid de fhaisnéis go deonach. Tógaimid gach cúram orainn féin rúndacht d'fhaisnéis phearsanta a chosaint, de réir reachtaíocht náisiúnta um Chosaint Sonraí agus treoracha AE infheidhme. Ní chomhroinntear aon fhaisnéis a chuireann tú ar fáil dúinn i rith do ghnó linn le tríú páirtí, muna cheadaítear nó éilítear é sin de réir an dlí.

Faisnéis Phearsanta a Cheartú/Nuashonrú

Má athraíonn d'fhaisnéis inaitheanta phearsanta, nó muna mian leat ár seirbhís a úsáid a thuilleadh, cuirfimid bealach ar fáil chun do shonraí pearsanta a cheartú, a nuashonrú nó a bhaint amach as na taifid ar ár gcóras idirlín. Beidh ar do chumas do Theastas Digiteach a aisghairm, trí dul i dteagmháil lenár ndeasc chabhrach le fón (1890 201 106 nó +353 1 7023021 má tá tú i do c(h)ónaí lasmuigh de Phoblacht na hÉireann) nó le r-phost: roshelp@revenue.ie.

Rúndacht agus Slándáil

Tá dualgas dleathach ar na Coimisinéirí Ioncaim rúndacht faisnéis cháiniócóirí a chosaint. Glacaimid gach réamhchúram maidir le faisnéis ar bith a chuireann tú chugainn trínár suíomh gréasáin a chosaint, ar-líne agus as-líne, de réir reachtaíocht náisiúnta um Chosaint Sonraí agus treoracha AE infheidhme. I rith an phróisis chlárú ROS agus freisin nuair atá tú ag cuir faisnéise íogair isteach, amhail a iarrtar i dtuaisceán cánach, tá an fhaisnéis criptithe chun rúndacht a chosaint, tarchurtha le Teastas Digiteach agus cosanta de réir an chleachtais is fearr sa tionscal. Tá modhanna caighdeán tionscail um criptiúchán in úsáid freisin ag ÍMAT Aon Tráth Aon Am chun rúndacht faisnéise ÍMAT uile a aistriú thar an idirlín.

Clárú

Tá seirbhísí éagsúla á dtairiscint tríd an suíomh gréasáin, lena n-áirítear áis chun tuairisceáin chánach a chur isteach, breathnú ar shonraí chuntais reatha agus íocaíochtaí a dhéanamh tríd an idirlín agus

roinnt sheirbhísí do chustaiméirí ÍMAT freisin, lena n-áirítear áiseanna le creidmheasanna cánach a éileamh agus athbhreithnithe deireadh na bliana a lorg. Chun na seirbhísí seo a úsáid, ní mór duit an próiseas clárúcháin a chomhlánú ar dtús agus i gcás ROS, Teastas Digiteach a aisghabháil, nó chun Uimhir Aitheantais Phearsanta (UAP) a fháil do ÍMAT Aon Tráth Aon Am. Le linn clárúithe, iarraidimid ort mionsonraí áirithe a sholáthar, chun gur féidir linn do chéannacht a fhíorú. B'fhéidir go n-iarrfaí ort freisin sonraí teagmhála a sholáthar (amhail seoladh r-phoist), a úsáidfimid chun tú a choinneáil ar an eolas maidir leis na seirbhísí ar ár suíomh gréasáin agus chun do cheisteanna i dtaobh na seirbhísí sin a fhreagairt. A luaithe is a bheidh do Theastas Digiteach ROS nó do UAP ÍMAT Aon Tráth Aon Am aisghafa agat, beidh tú in ann na seirbhísí daingne laistigh dár suíomh a rochtain. B'fhéidir go gcuirfimid r-phoist eile chugat níos déanaí, chun tú a chur ar an eolas i dtaobh athruithe sna seirbhísí nó sna cánacha agus dleachtanna cuí.

Úsáid Fhianáin

Úsáidimid fianáin 'seisiúin' agus Oibiachtaí Logánta i bPáirt chun dul chun cinn a rianú tríd ár sheirbhísí Ar Líne agus ÍMAT Aon Tráth, Aon Lá. Ceadaíonn sé seo dúinn slándáil agus sláine na sonraí a úsáidtear a chotabháil. Coinnítear na fianáin seo, a bhfuil fíorghá leo le haghaidh soláthar na seirbhísí faisnéise seo a iarrann tú, i do bhrabhsálaí, a scríosann iad nuair a dhúnann tú an brabhsálaí. Níl an fhaisnéis ar fhianán nasctha le haon fhaisnéis lenar féidir tú a aithint go pearsanta léi a chuireann tú isteach ar ár suíomh. Ina theannta sin, úsáidimid fianáin 'sheasmhacha' atá á gcoimeád ag do bhrabhsálaí gréasáin idir cuairteanna ar ár suíomh. Coinníonn siadsan faisnéis iontu i dtaobh láthair agus ainm do theasta(i)s digiteach(a) agus i dtaobh an eolaire ónar íoslódáil tú comhaid don uair dheireannach. Tá gá leo chun an logáil isteach a shruthlíniú, comhaid a uaslódáil agus na próisis 'sínigh agus cuir isteach' a cabhraíonn do eispéireas úsáideóra a fheabhsú.

Bailiú Seoltaí Prótacal Idirlín (PI)

Nuair a úsáideann tú an tIdirlín, sannaítear seoladh PI duit, agus nuair a thugann tú cuairt ar an suíomh, logálaimid seoladh PI do fhreastalaí gréasáin. Úsáidtear é seo chun críocha éagsúla, lena n-áirítear riarachán an tsuímh, treochtaí a anailísiú agus staitisticí a bhailiú.

Naisc

Tá naisc le suíomhanna eile ar an suíomh gréasáin seo. Níl na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as caighdeán príobháideachta suíomhanna eile. Molaimid go mbeadh tú feasach air seo nuair a fhágann tú ár suíomh. Baineann an ráiteas próbháideachta seo lenár bpolasaithe príobháideachta i dtaobh ROS agus ÍMAT Aon Tráth Aon Am amháin.

Fógra i dtaobh Athruithe ar an Ráiteas seo

Coimeádann na Coimisinéirí Ioncaim an ceart acu féin an ráiteas seo a leasú ag aon dáta sa todhchaí agus fógróidh siad aon athrú substainteach anseo.

29^ú Meitheamh 2013

- An chuid Bailiú Seoltaí PI curtha in eagar chun an ráiteas nach bhfuil seoltaí PI nasctha le faisnéis inaitheanta phearsanta a bhaint amach. Is chun bearta frith-chalaoise a éasú atá sé seo.